An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Slándáil Baile

Aláraim Ionraidh

Cén t-údar atá le aláram ionraidh a chur isteach?

Glactar go forleathan leis go bhfuil aláraim ionraidh ina mbac éifeachtach ar bhuirgléirí, dá dhroim sin ag cuidiú le dóchúlacht a laghdú ar do theach a bheith pioctha amach. Tá sé tábhachtach, áfach, a thuiscint nach bhfuil aláram ionraidh in ionad slándála fisiciúla. Ina áit sin, ba cheart aird a thabhairt air mar thacaíocht do bhearta slándála fisiciúla nó eile agus réamhchúraimí úsáidte le do theach a chosaint.

Córais aláraim ionraidh

Go bunúsach, titeann córais aláraim ionraidh isteach ina dhá chatagóir – córais 'sreangaithe' nó córais 'saor ó shreang / gan sreang. Is féidir gach ceann de na catagóir seo a roinnt ina dhá chineál-

- **Inchloiste amháin**
  Nuair a bhíonn an t-aláram gníomhaithe, oibríonn bonnán /cligín inmheánach / seachtrach aird a tharraingt ar an bhfoirgneamh
- **Mónatóireacht déanta air go cianda**
  Nuair a bhíonn an t-aláram gníomhachtaithe, oibríonn bonnán/cligín inmheánach/seachtrach agus tá comhartha curtha freisin go dtí lárstáisiún monatóireachta ar féidir a chur in iúl duitse, don sealbhóir eochrach roghnaithe agus/nó do na Gardaí de réir mar is gá agus mar is cuí.

Uathdhialóir – is féidir uathdhiallóir a úsáid le haon cheann de na córais thuas. Nuair a bhíonn an t-aláram úsáidte, Buailfaidh an uathdhiallóir taobh istigh den chóras aláraim uimhreacha teileafóin réamhchinnte chun a chur in iúl duitse agus/nó do shealbhóirí eochracha mar gheall ar gníomhachtú aláraim. Ní mór gan é a réamhchlárú chun glaoch ar na Gardaí.

Ag tuiscint agus ag baint úsáide as do chóras aláraim

Tá sé tábhachtach a thuiscint cén chaoi a oibríonn do chóras aláraim. Ba cheart do do shúiteálaí oibriú an chórais a mhíniú duitse agus do bhaill eile de do chlann.
Cuir béim ar sheisiún oiliúna chun na gnéithe a léiriú. Ná bí curtha amú le techní-labhairt nó béarlagar eile, cuir ceist ar an suiteálaí é sin a mhíniú duitse.

Tá sé tábhachtach freisin go bhfuil eolas ag do shealbhóirí eochracha ar fad ar oibriú an chórais aláraim agus gurb eol dóibh cóid an gníomhachtaithe agus an díghníomhachtaithe agus mar sin de

Coinnigh na lámhleabhair teagasóra ar fad in áit is eol do dhaoine agus in áit inrochtana. Ná scríobh cóid aláraim agus mar sin de ar an lámhleabhair teagasóra ná ar na ballaí ná ar na doirse in aice an aonaid rialaithe nó an eochaircheap. Is cleachtas coitianta é seo agus ní mór é a sheachaint.

Cén córas is fearr domsa?

Is minic gur cinneadh deacair é seo a dhéanamh agus féadfaidh tionchar a bheith aige seo ar líon áirithe gnéithe, lena n-áirítear costas, deartha an tí cónaithe, áit agus cibé a bhfuil an teach réamhshreangaithe. Is féidir do d'Oifigeach um Chosc ar Choireacht áitiúil comhairle a thairiscint duitse agus ba cheart duit labhairt le cairde agus le comharsana mar gheall ar chórais go bhfuil siad tar éis a bheith curtha isteach. Is féidir leis na cuideachtaí suiteála aláraim comhairle saineolaithe a chur ar fáil agus beidh do chuideachta árachais baile in áit chun cuidiú leat féin freisin.

Ag roghnú feisteoir aláraim

Ní mór do na suiteálaithe aláraim ar fad a bheith ceadúnaithe anois leis an údarás slándála príobháidí. Tá liosta de na suiteálaithe ceadúnaithe ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Is iomaí cuideachta agus duine aonair a bhíonn ag oibriú sa thionscal suiteála. Gheobhaidh tú a bhformhór liostáilte in Eolaí Theileafóin de chuid na Leathanaigh Órga.

Moltar go bhfaighidh tú ar a laghad trí cinn de luach ó shuiteálaithe creidiúnaithe.
Ní mholann na Gardaí aon chuideachta ar leith ach molann siad go gcomhlíonfaidh gach aláram suiteála leis an gCaighdeán Eorpach EN 50131. Tabhair faoi deara gurb é ceann de na crítéir d' fhreagairt Garda ná go gcomhlíonann an córas aláraim leis an gcaighdeán seo nó leis an gCaighdeán Éireannach is sine IS 199 rud atá curtha ina áit anois ag EN 50131.

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceannchéathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

Monatóireacht nó Gan Monatóireacht a dhéanamh air?

Is ábhar é a ba cheart machnamh a dhéanamh air go cúramach. Le freagairt ó na Gardaí a rathú ar ghníomhachtú do chuid aláraim, caithfidh Uimhir Thagartha Leithleach (UTL) a bheith agat arna heisiúint ag na Gardaí. Ní eisítear iad seo ach san áit a bhfuil an córas aláraim -

- Ag comhlíonadh le caighdeáin atá ceadaithe,
- Suiteálta ag suiteálaí formheasta, agus
- Monatóireacht déanta air ag cuideachta formheasta monatóireachta.

Is féidir tuilleadh eolais a bheith tugtha ag do cuideachta aláraim, staisiún monatóireachta, Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht nó is féidir an Polasaí aláraim Garda a léamh agus a íoslódáil ó láithreán gréasáin an Gharda Síochána (féach ar Theagmhálaithe úsáideacha agus Nascanna ag deireadh na bileoge eolais seo).

Polasaí aláraim ionraidh Garda

Rinneadh athbhreithniú ar Pholasaí Aláraim Garda le gairid d'fhonn líon na n-eachtraí a laghdú maidir le gníomhachtaí aláraim bréige. Cuideoidh sé seo le seirbhís níos éifeachtaí a chur ar fáil don phobal.

Ba cheart go mbeadh défhiorúcháin curtha isteach ar gach córas aláraim, lena n-áirítear baile, ó Eanáir 31, 2008 ar aghaidh. Míneoidh do chuid cuideachta suiteála aláraim é seo go mion, ach go bunúsach, baineann sé le gníomhachtú aláraim a fhíorú trí bhíthín dá cheann d'fhearais brathadóireachta a gcuireann dhá comhartha aláraim ar leith go dtí an staisiún monatóireachta.

Gluais ar théarmaí coitianta atáraim

Painéal / Bosca rialaithe

Tá sé seo ina chroílár ar ionad néaróige an chórais agus is minic a bhíonn sé suite i gcófra nó faoi bhun an staighre i dteach cónaithe baile. Tá an painéal rialaithe nasctha leis na príomhlíonra leitreacha ach bíonn áis bataire tacaíochta aige seo freisin.

Eochaircheap

Ceadaíonn an eochaircheap duit uimhreacha/cóid a chur isteach ar an gcaoi sin ag gníomhachtú agus ag díghníomhachtú an chórais. Go minic suite sa halla, níl sé i bhfad ón bpointe isteach/amach. Den chuid is mó úsáidtear é chun an nasc a chur ar siúl agus a chur as.

Braiteoirí Teagmhála Maighnéadacha

Is braitheoirí iad seo a úsáidtear i gcoitinne chun oscailt doirse agus fuinneoga a bhrath. Tá dhá pháirt iontu: maignéad agus teagmhálaí agus feistítear iad ar dhromchla na fuinneoige nó an dorais. Bíonn cineálacha comhréidh feistithe ar fáil chomh maith.

Braiteoirí / Brathadóirí Gluaiseachta

Is iomaí cineál ceann atá le fáil, PIRs (éighníomach infridhearg) i measc na gcinn is coitianta. Cuirtear isteach go hiondúil i gcoirnéal an tseomra iad in aice an síleála agus brathann siad athrú sciobtha i bhfuinneamh infridhearg cuir i gcás trí ghluaiseacht duine. I measc na gcinn eile bíonn micrathonn, ultrasonach agus teaglama den dhá cheann (détheicneolaíocht).

Braiteoirí / Brathadóirí Tonncheatha / Fuaimniúla

Brathann braitheoirí tonnchreatha tonnchreatha fisiciúla cuir i gcás san áit a bhfuil doras nó fuinneog buailte go crua. Brathann braitheoirí fuaimiúla tonnchreatha aerbheirthe cuir i gcás san áit a bhfuil an gloine briste. Bíonn détheicneolaíocht ina bhfuil an dhá cheann i gceist le fáil chomh maith.

Cnaipe Ionsaithe Pearsanta

Freisin tugtar cnaipe 'PRÁINNE' air agus tá ceann nó dhá cheann de cnaipe deirge i gcuaisín aige rud nuair a bhruaitear síos é bíonn siad faoi deara aláraim gníomhachtú láithreach bonn agus féadfaidh siad comhartha sa bhreis a tharchur go dtí stáisiún mónatóireachta cianda má nasctar iad.

Sondálaí /Cligín Inmheánach

Ta sé seo feistithe taobh istigh den bhaile agus soláthraíonn sé torann an-ghlórach inchloiste rabhaidh

Bonnán / Bosca Clígín Seachtrach

Is é an 'bosca' é seo a fheicfaidh tú taobh amuigh de bhailte agus d'fhoirgnimh eile. Bíonn siad suite go hiondúil cuid mhaith in airde, is bíonn siad i gcoitinne díreach glan faoi bhun na sceimhle, agus ba cheart dóibh a bheith dobheartaithe.

Strób -Splanctha

Bíonn siad seo feistithe do bhonnán seachtrach/bosca cligín chun radhadh feiceálach a thabhairt ar an gníomhachtú aláraim. Is féidir é a réamhchlárú leanúint ag splancadh tar éis don sondálaí fuaime/cligín a bheith stoptha.

Comharthaíocht Cianda

Leis an áis seo, tarchuirtear do ghníomhachtú aláraim go dtí stáisiún monatóireachta cianda.

Saincheantar

Roinnfaidh do chuideachta suiteála aláraim, chun críocha aitheantais agus caoithiúlachta, do bhaile ina shaincheantair nuair a bhíonn siad ag cur isteach do chóras aláraim. Bainistítear na saincheantair seo ag aonad rialaithe agus is féidir iad a úsáid chun roinnt áiteanna áirithe de do bhaile a dhíghníomhachtú ag amanta ar leith, chun tú a chur san airdeall ar shaincheantair oscailte nuair a bhíonn tú ag socrú do chuid aláraim agus freisin chun eolas a sholáthar duit nuair a tharlaíonn an gníomhachtú aláraim agus mar sin de.

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán. Ar gach uairibh is críon é comhairle ghairmiúil chuí a lorg áit a dhéantar breisithe nó athruithe do do mhaoin le slándail a fheabhsú.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchan seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána
www.garda.ie

Udárás Slándála Príobháidí na hÉireann
www.psa.gov.ie

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
www.nsai.ie